



Níl an fhoirm seo ar fáil le comhlánú ach amháin ag fostaithe ÍMAT a dteastaíonn uathu clárú mar Fhostóir, nó ag Cuideachtaí Eachtracha atá cláraithe cheana féin le haghaidh Cáin Chorporáide ach a dteastaíonn uathu anois clárú mar Fhostóir.

Níor cheart do na daoine seo a leanas an fhoirm seo a chomhlánú:

- Daoine féinfhostaithe ar chóir dóibh clárú mar fhostóir trína gcuntas ROS.
- Ba chóir d'fhostaithe ÍMAT a dteastaíonn clárú le haghaidh Cáin Ioncaim iarratas a dhéanamh le **mochúrsaí** na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba chóir do chomhpháirtíochtaí, glacadóirí, leachtaitheoirí, iontaobhais, comhlachtaí neamhchorpraithe agus daoine aonair neamhchónaitheacha iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm TR1 / TR1(FT) a úsáid atá ar fáil le híoslódáil ó **www.revenue.ie**.
- Ba chóir d'fhostaithe ÍMAT atá ag tosú oibre den chéad uair a bpost a chlárú leis an tseirbhís Poist & Pinsin. Chun an tseirbhís seo a úsáid ní mór don fhostaí a bheith cláraithe le haghaidh **mochúrsaí** ar **www.revenue.ie**.

I gcás gníomhairí ag gníomhú thar ceann Cuideachta a dteastaíonn uathu clárú le haghaidh Cáin Chorporáide, CBL, ÍMAT / ÁSPC Fostóra agus / nó CCI, ba chóir dóibh iarratas a dhéanamh le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) ar **www.revenue.ie**. Ba chóir do Chuideachtaí Éireannacha gan ghníomhaire agus do Chuideachtaí Eachtracha iarratas a dhéanamh leis an bhfoirm TR2 / TR2(FT) atá ar fáil le híoslódáil ó **www.revenue.ie**.

Comhlánaigh GACH cuid den fhoirm seo i mBLOCLITREACHA. Is léiriú é * gur réimse riachtanach atá ann. Síniú ar dearbhú ar leathanach 2 agus seol ar ais chuig an Aonad Clárúcháin cuí í. Tá sonraí maidir le hAonaid Chlárúcháin ar fáil ar leathanach 3.

In éagmais eolas cruinn, féadfaidh sé go cuirfear moill ar an gclárúcháin agus go mbeidh moill ar na Tuairisceáin agus eolas eile a fháil.

Sonraí Ginearálta

1. Sonraigh ainm iomlán an 'duine' nó cuideachta atá le clárú

2. I gcás duine aonair, sonraigh do UPSP

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

3. (a) Céard é do ghnó nó gníomhaíocht phríomhúil, nó

(b) Má tá clárúcháin ag teastáil ar chúiseanna teaghlaigh, m. sh. feighlí linbh / cúramóir / coimeádaí tí a fhostú nó múinteoir ionaid a fhostú, sonraigh an chúis anseo.

4. Má tá tú cláraithe le haghaidh cánacha eile cheana, sonraigh an uimhir thagartha mar is cuí:

Cáin Ioncaim

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cáin Chorporáide

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cáin Bhreisluacha (CBL)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

5. Seoladh Príobháideach/Oifigiúil (Eircode san áireamh)*

Uimhir Fóin (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh)*

Uimhir Fóin Póca

Ríomhphost

6. Seoladh Gnó (Eircode san áireamh)*

Uimhir Fóin (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh)*

Uimhir Fóin Póca

Ríomhphost

7. Dáta tosaigh an chéad fhostaí*

LL/MM/BBBB

8. Cén córas taifeadta párolla agus ÍMAT/ÁSPC a bheidh in úsáid agat? Córas Ríomhaire

Córas Láimhe Eile

Sonraigh an córas párolla agus taifeadta a bheidh in úsáid agat:

Mar fhostóir tá dualgas ort faisnéis phárolla d'fhostaithe a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfor-am. Chun é seo a dhéanamh, teastóidh deimhniú digiteach ROS uait. Tá tuilleadh eolais maidir le clárú le haghaidh ROS ar fáil ar www.revenue.ie.

9. Má tá comhfhreagras maidir le ÍMAT / ÁSPC idir lámha ag gníomhaire, (cuir tic sa bhosca) agus tabhair na sonraí seo a leanas.

Ainm, Seoladh (Eircod san áireamh) an Gníomhaire*

Uimhir Fóin (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh)*

Uimhir Aitheantais an Gníomhaire Cánach (TAIN)

Uimhir Fóin Póca

Tagairt an Chliant*

10. Más mian leat go ndéileáfaí le do chúrsaí cánach i nGaeilge, cuir tic sa bhosca

Dearbhú: Ní mór é seo a dhéanamh sula bhféadtar thú a chlárú le haghaidh cánach

Dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha agam san iarratas seo cruinn ar gach slí.

Céadainm

Sloinne

Síniú

Dáta

Cáil (Duine Aonair, Rúnaí, Stiúrthóir, Iontaobhaí, Comhpháirtí srl)

Uimhir Fóin (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh) an tSínitheora

Eolas Breise

Tá tuilleadh eolais sna bileoga seo a leanas faoi na gnéithe cánach a bhaineann le gnó a reáchtáil. Tá siad ar fáil ar www.revenue.ie (ar fáil 24 uair sa lá) nó ar 01 738 3675.

Treoir d'Fhostaithe i leith ÍMAT

Cód Chleachtais chun Cinneadh a Dhéanamh ar Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair

Ba chóir aon fhiosruithe eile a thíolacadh trí **M'Fhiosruithe** ar www.revenue.ie nó ina áit sin, glaoigh ar d'Oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó ar an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí ar 01 738 3638.

Má tá eolas ar roghanna íocaíochta uait, lena n-áirítear Dochar Díreach, déan teagmháil leis an Ard-Bhailitheoir ar 01 738 3663.

Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) Sábháil am – Tíolaic ar líne

Nuair a bheidh tú cláraithe, féadtar teacht ar do shonraí cánach agus tuairisceáin a thíolacadh ar líne le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). Tá ROS fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain. Tá sé éasca, mear agus slán.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar ROS, féach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.ie nó glaoigh ar an Deasc Chabhrach ROS ar 01 738 3699.

Sonraí	Seoladh	Sonraí Teagmhála
<p>Comhlaigh le custaiméirí reatha Rannóg na gCorparáidí Móra agus cuideachtaí atá páirteach sa mhéid seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) Institiúidí airgeadais (seachas Comhair Chreidmheasa) b) Urrúsú fiachais c) Comhlachtaí stobhroicéireachta d) Léasú aerárthach e) Árachas / Athárachas f) Ciste infheistíocht rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann g) Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh h) Cuideachta le tacaíocht ón Údarás Forbartha Tionscail (breis agus 300 Fostaí) 	<p>Aonad Clárúcháin Rannóg na gCorparáidí Móra Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Teach Ballaugh 73/79 Sráid an Mhóta Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 PX37</p>	<p>Ríomhphost: largecasesdiv@revenue.ie Fón: 01 738 3637 nó ó thaobh amuigh d'Éirinn + 353 1 738 3637</p>
<p>Gach custaiméir agus cuideachta eile</p>	<p>Clárúcháin Ghnó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim P.O. Bosca 1 Loch Garman</p>	<p>Ríomhphost: businessstaxesregistrations@revenue.ie Fón: 01 738 3630 nó ó thaobh amuigh d'Éirinn + 353 1 738 3630</p>

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar www.revenue.ie.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.